
LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH
CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

## Scéim Feabhsúcháin Eatramhach do Choisithe agus Rothaithe

# Áth an Ghainimh Cluain Sceach go Sráid Charlemont

## (Raghnallach) Céim 1



## BILEOG NUASHONRAITHE TÓGÁLA




650m

## CAD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Sonraí na Scéime
2 Clár
3 Bainistiú Tráchta
4 Sonraí Teagmhála
5 Sonraí Breise


Tá Líonra Taistil Ghníomhaigh sábháilte, cuimsitheach agus inbhuanaithe á fhorbairt ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Cuirfear feabhas leis ar rochtain, nascacht agus soghluaisteacht trí bhonneagar siúil, rothaíochta agus rothaí níos fearr a sholáthar.

Is tionscadal 3km atá i Scéim Feabhsúcháin Eatramhach do Choisithe agus Rothaithe Áth an Ghainimh Cluain Sceach go Sráid Charlemont. Feabhsóidh sé rochtain ar oideachas, ar fhostaíocht, ar mhiondíol agus ar iompar i ndeisceart Chathair Bhaile Átha Cliath.

Réiteach gearrthéarmach atá i gcéim a haon den tionscadal seo. Téann sé Raghnallach ó Ghairdíní Bhodastoig go hArdán Mander (650m). Cuirfear tús leis an tógáil i Ráithe 1 2025.

## SCIDEAL

| R1 2023 | R2 2023 | R1 2025 | R3 2025 | R2 2028 |
|---|---|---|---|---|
| Comhairliúchán Poiblí | Pleanáil agus Dearadh | Tógáil na Scéime Eatramhaí | Tógáil na Scéime Buaine | Críochnú Tógála Scéime |

Tionscadal Eireann Project Ireland 2040 · NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority · Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

# 1 SONRAÍ NA SCÉIME

Tá bealach na scéime eatramhaí 650m ar fad. Téann sé ó Dhroichead Luas Raghnallach go Gairdíní Bhodastoig, trí Shráidbhaile Raghnallach. Déanfar oibreacha ar Bhóthar Raghnallach, Raghnallach, Bóthar Chelmsford, Ascaill Ard Saileach agus Bóthar Fhiodh Cuillinn.


Leis na hoibreacha cuirfear feabhas ar na háiseanna rothaíochta. Ina measc, tá –

- Feabhsuithe ar mharcálacha bóithre
- Mullaird a shuiteáil chun níos mó cosanta a thabhairt do rothaithe
- Uasghrádú ar limistéir choisithe
- Stad bus oileáin nua
- Uasghráduithe inrochtaineachta
- Feabhsuithe ar dhraenáil bóithre
- Uasghrádú ar chomharthaí tráchta
- Dromchla dearg ar raonta rothar



Léiriú ealaíontóra den scéim eatramhach

## 2 CLÁR




Tosach feidhme
**R1 2025**

Cur i gCrích
**R3 2025**

## 3 BAINISTIÚ TRÁCHTA

Ag druidim leis an Triantán Raghnallach, ar an mbóthar atá ag dul chuig an gcathair tá lána casadh ar chlé go Bóthar Choill an Chuilinn (i.e. i dtreo Ráth Maonais) agus lána díreach ar aghaidh. Déanfar an dá lána seo a chomhcheangal in aon lána amháin.




Triantán Raghnallach
Roimh na hOibreacha




Triantán Raghnallach
Tar éis na nOibreacha

## 4 SONRAÍ TEAGMHÁLA

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi thionscadal Áth an Ghainimh Cluain Sceach go Sráid Charlemont nó chun teagmháil a dhéanamh linn, féach ar na roghanna thíos le do thoil:

www.dublincity.ie/activetravel (Scan mé)

activetraveloffice@dublincity.ie leis an ábhar 'Áth an Ghainimh Cluain Sceach go Sráid Charlemont'

Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Teach Cavendish, Bloc D, Cúirt Árann, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 H5CH

Oifig an Chláir Taistil Ghníomhaigh: 01 222 2536

---

Chun teagmháil a dhéanamh leis an gconraitheoir, Richard Nolan Civil Engineering:

01 452 8850 (Scan mé)

info@rnce.ie

https://www.rnce.ie/

Richard Nolan Civil Engineering, Aonad 16, Ascaill a hAon,
Eastát Tionscail Bhaile an Chócaigh, Baile Átha Cliath 24, D24 R260

## 5 SONRAÍ BREISE

Is féidir líníochtaí dearaidh don Scéim a fheiceáil ag:

- Leabharlann Ráth Maonais, 157 Bóthar Ráth Maonais Íochtarach, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6, D06 K2K6
- https://www.dublincity.ie/sandyford-clonskeagh-charlemont-street-project